Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2023
(OR. en)

8305/23

LIMITE

POLCOM 65
SERVICES 13
COASI 78
TELECOM 101
DATAPROTECT 100

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8304/23 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear caibidlíocht a thosú le haghaidh disciplíní trádála digití le Poblacht na Cóiré agus le Singeapór<br>- Glacadh |

1. An 14 Aibreán 2023, chuir an Coimisiún Moladh faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údarófar caibidlíocht a thosú le haghaidh disciplíní trádála digití le Poblacht na Cóiré agus le Singeapór[1].

2. Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug sé tuairim uaidh an 15 Bealtaine 2023.

3. Phléigh an Coiste um an mBeartas Trádála (Saineolaithe - Seirbhísí agus Infheistíocht) an moladh an 19 Aibreán, an 3 Bealtaine agus an 24 Bealtaine. Ar bhonn togra comhréitigh ón Uachtaránacht, d'fhormhuinigh an Coiste um an mBeartas Trádála (Saineolaithe - Seirbhísí agus Infheistíocht) é an 30 Bealtaine r le modhnuithe chun roinnt coigeartuithe riachtanacha a chur san áireamh. Formhuiníodh na dréacht-treoracha caibidlíochta gaolmhara ag an am céanna.

[1] 8304/23 + ADD 1.

4. Maidir le ceist foilsithe na dtreoracha caibidlíochta tar éis don Chomhairle iad a ghlacadh, ní dhearna aon toscaireacht agóid ina gcoinne. Ba cheart, dá bhrí sin, a iarraidh ar an gComhairle cinneadh a dhéanamh maidir leis na treoracha caibidlíochta a phoibliú tar éis a nglactha.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an Cinneadh thuasluaite ón gComhairle, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 8886/23[2] é, a ghlacadh;

– an t-aguisín a ghabhann le 8886/23 ina bhfuil na dréacht-treoracha caibidlíochta a ghlacadh;

– a mholadh don Chomhairle na treoracha caibidlíochta a chur ar fáil tar éis a nglactha, ar an tuiscint nach fasach é an cinneadh sin le haghaidh treoracha caibidlíochta eile, agus go ndéanfar aon chinneadh treoracha caibidlíochta eile a scaoileadh ar bhonn cás ar chás, agus cothromaíocht a aimsiú idir an gá atá le trédhearcacht agus an gá atá le leibhéal áirithe rúndachta chun éifeachtacht na caibidlíochta a áirithiú; agus

– a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an treoracha caibidlíochta a tharchur chuig an bParlaimint.

---

2 I bhfianaise a chineáil, ní fhoilseofar an Cinneadh seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, (féach Airteagal 17 (2)(b) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle).



PUBLIC